Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2018**
**(OR. en)**

**10569/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0121(COD)**

**CODEC 1182**
**TRANS 289**
**SOC 450**
**EMPL 365**
**MI 502**
**COMPET 486**
**PE 90**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar<br>– Toradh imeachtaí Pharlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, 2 go 5 Iúil 2018) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Merja KYLLÖNEN (GUE/NGL, FI) tuarascáil ina bhfuil 104 leasú (leasuithe 1-104) i ndáil leis an togra le haghaidh Treorach, thar ceann an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht.

Anuas air sin, thíolaic an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta 37 leasú (leasuithe 105-141). Thíolaic na grúpaí polaitiúla na leasuithe seo a leanas: PPE 4 leasú (leasuithe 156-159), Na Glasaigh/SCE 7 leasú (leasuithe 142-148), GUE/NGL 4 leasú (leasuithe 167-170), ENF 4 leasú (leasuithe 161-164). Thíolaic breis agus 38 FPE 13 leasú (leasuithe 149-155, 165-166 agus 171-174).

## II. VÓTÁIL

Tráth ar caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach ar an 4 Iúil, glacadh leasuithe 1-69, 72-75, 78-96, 99-104, 113, 128, 139 agus 150/1 ar an togra le haghaidh Treorach. Mar sin féin, níor glacadh an dréachtghníomh reachtach, arna leasú[1].

Ar an ábhar gur theip ar an dréachtghníomh reachtach, arna leasú, tromlach na vótaí a fháil i bhfabhar an ghnímh, cuireadh an t-ábhar faoi bhráid an choiste an athuair, de bhun Riail 59(4)(4) de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, rud a d'fhág nár cuireadh clabhsúr ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa.

---

[1] 256 ar a shon, 390 ina choinne, 9 a staon.